Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10502/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0030(COD)**

**CODEC 962**
**COVID-19 125**
**JAI 926**
**POLGEN 90**
**FRONT 261**
**FREMP 137**
**IPCR 76**
**VISA 109**
**MI 497**
**SAN 401**
**TRANS 424**
**COCON 43**
**COMIX 336**
**SCHENGEN 71**
**AVIATION 129**
**PHARM 115**
**RELEX 854**
**TOUR 46**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/954 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID-19 AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 77(2)(c) CFAE, chuig an gComhairle.

2. D'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Coiste Eorpach um Chosaint Sonraí tuairim chomhpháirteach an 14 Márta 2022.

[1] 5943/22.

3. An 15 Meitheamh 2022, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa agus d'údaraigh sé don Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) ina gcuirtear in iúl, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe ag saineolaithe dlí agus teanga an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Meitheamh 2022[2].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Meitheamh 2022, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-iarrfadh sé ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

6. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/22 é, a fhormheas.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[2] 10500/22.